# RIALACHÁN (AE) 2015/477 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

## an 11 Márta 2015

## maidir le bearta a fhéadfaidh an tAontas a dhéanamh i ndáil le héifeacht chomhcheangailte beart frithdhumpála nó frith fhóirdheontais agus beart cosanta

## (códú)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Tar éis dóibh dul i gcomhairle le Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialach na hEorpa,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach ([1]),

De bharr an méid seo a leanas:

(1) Tá Rialachán (CE) Uimh. 452/2003 ([2]) ón gComhairle leasaithe go substaintiúil ([3]). Ar mhaithe le soiléire agus le réasúntacht, ba cheart an Rialachán sin a chódú.

(2) Le Rialachán (CE) Uimh. 1225/2009 ([4]) ón gComhairle, leagadh rialacha comhchoiteanna síos chun cosaint a thabhairt ar allmhairí dumpáilte ó thíortha nach Ballstáit den Aontas iad.

(3) Le Rialachán (CE) Uimh. 597/2009 ([5]) ón gComhairle, leagadh rialacha comhchoiteanna síos chun cosaint a thabhairt ar allmhairí ar tugadh fóirdheontas ina leith, ar allmhairí iad ó thíortha nach Ballstáit den Aontas iad.

(4) Le Rialachán (CE) Uimh. 260/2009 ([6]) ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 625/2009 ([7]) ón gComhairle, leagadh rialacha comhchoiteanna síos chun bearta cosanta i gcoinne allmhairí ó thíortha áirithe nach Ballstáit den Aontas iad a ghlacadh. Féadfaidh bearta cosanta a bheith i bhfoirm bearta taraife is infheidhme maidir le gach allmhaire nó na hallmhairí sin ar mó ná cainníocht réamhchinntithe iad. Cuireann bearta cosanta den sórt sin in iúl go bhfuil na hearraí i dteideal dul isteach i margadh an Aontais tar éis na dleachtanna ábhartha a bheith íoctha.

(5) Féadfaidh allmhairiú earraí áirithe a bheith faoi réir bearta frithdhumpála nó frith-fhóirdheontais ar thaobh amháin agus faoi réir bearta cosanta taraife ar an taobh eile. Is é is aidhm do na bearta frithdhumpála nó frith-fhóirdheontais an saobhadh margaidh a tháinig as cleachtais trádála mhíchothroma a réiteach, agus is é is aidhm do na bearta cosanta taraife cosaint a thabhairt ar allmhairí atá dulta i méid go mór.

(6) Mar sin féin, d'fhéadfadh éifeacht níos mó ná mar a bhí beartaithe nó ba inmhianaithe ó thaobh bheartas cosanta trádála agus chuspóirí an Aontais a bheith mar thoradh ar an gcomhcheangal de bhearta frithdhumpála nó frith-fhóirdheontais agus bearta cosanta taraife ar an aon táirge amháin. Go háirithe, d'fhéadfadh comhcheangal beart den sórt sin ualach dochraideach neamh-inmhianaithe a chur ar tháirgeoirí onnmhairiúcháin áirithe atá ag iarraidh earraí a onnmhairiú chuig an Aontas, rud a d'fhéadfadh sé gurb é an eifeacht a bheidh leo go ndiúltófaí rochtain dóibh ar mhargadh an Aontais.

(7) Mar thoradh air sin, níor cheart táirgeoirí onnmhairiúcháin atá ag iarraidh earraí a onnmhairiú chuig an Aontas a bheith faoi réir ualaí dochraideacha neamh-inmhianaithe agus ba cheart rochtain a bheith acu fós ar mhargadh an Aontais.

---

([1]) Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 11 Feabhra 2015 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an 2 Márta 2015.

([2]) Rialachán (CE) Uimh. 452/2003 ón gComhairle an 6 Márta 2003 maidir le bearta a fhéadfaidh an Comhphobal a dhéanamh i ndáil le héifeacht chomhcheangailte beart frithdhumpála nó frith-fhóirdheontais agus beart cosanta (IO L 69, 13.3.2003, lch. 8).

([3]) Féach Iarscríbhinn I.

([4]) Rialachán (CE) Uimh. 1225/2009 ón gComhairle an 30 Samhain 2009 maidir le cosaint a thabhairt ar allmhairí dumpáilte ó thíortha nach Ballstáit den Chomhphobal Eorpach iad (IO L 343, 22.12.2009, lch. 51).

([5]) Rialachán (CE) Uimh. 597/2009 ón gComhairle an 11 Meitheamh 2009 maidir le cosaint a thabhairt ar allmhairí ar tugadh fóirdheontas ina leith, ar allmhairí iad ó thíortha nach Ballstáit den Chomhphobal Eorpach iad (IO L 188, 18.7.2009, lch. 93).

([6]) Rialachán (CE) Uimh. 260/2009 ón gComhairle an 26 Feabhra 2009 maidir leis na rialacha comhchoiteanna le haghaidh allmhairí (IO L 84, 31.3.2009, lch. 1).

([7]) Rialachán (CE) Uimh. 625/2009 ón gComhairle an 7 Iúil 2009 maidir le rialacha comhchoiteanna i ndáil le hallmhairí ó thríú tíortha áirithe (IO L 185, 17.7.2009, lch. 1).

(8) Is inmhianaithe a áirithiú, dá bhrí sin, gur féidir cuspóirí na mbeart cosanta taraife agus na mbeart frithdhumpála agus/nó frith-fhóirdheontais a chomhlíonadh gan rochtain ar mhargadh an Aontais a dhiúltú do na táirgeoirí onnmhairiúcháin sin. Dá bhrí sin, ba cheart forálacha sonracha a leagan síos ionas gur féidir leis an gCoimisiún bearta a dhéanamh, i gcás ina measann sé gurb iomchuí sin a dhéanamh, d'fhonn a áirithiú nach mbeidh éifeacht den sórt sin ag baint le comhcheangal de bhearta frithdhumpála nó frith-fhóirdheontais i agus bearta cosanta taraife ar an táirge céanna.

(9) Cé go bhféadfar a thuar go bhféadfaidh an dleacht cosanta agus na bearta frithdhumpála nó frith-fhóirdheontais bheith infheidhme go comhuaineach maidir leis an táirge céanna, ní féidir a chinneadh roimhe ré i gcónaí cén uair go díreach a d'fhéadfadh sé sin tarlú. Dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh an Coimisiún in ann foráil a dhéanamh maidir le cás den sórt sin ar bhealach lena n-áiritheofar go mbeidh intuarthacht agus deimhneacht dhlíthiúil leordhóthanach ann do gach oibreoir lena mbaineann.

(10) Féadfaidh an Coimisiún a mheas gurb iomchuí bearta frithdhumpála agus/nó frith-fhóirdheontais a leasú, a fhionraí nó a aisghairm nó foráil a dhéanamh maidir le díolúintí go hiomlán nó go páirteach ó aon dleacht frithdhumpála nó frithchúitimh a bheadh iníoctha murach sin, nó gurb iomchuí aon bhearta speisialta eile a ghlacadh. Maidir le bearta frithdhumpála nó frith-fhóirdheontais, níor cheart aon fhionraí ná aon leasú orthu, ná aon díolmhú uathu a dheonú ach go ceann tréimhse teoranta.

(11) Ba cheart aon bhearta a dhéantar faoin Rialachán seo a bheith infheidhme ó dháta theacht i bhfeidhm na mbeart sin, seachas má shonraítear a mhalairt iontu, agus níor cheart dóibh, dá bhrí sin, bonn a sholáthar le haisíoc na ndleachtanna arna mbailiú roimh an dáta sin.

(12) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir le cur chun feidhme an Rialacháin seo, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]),

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

1. I gcás ina measfaidh an Coimisiún go bhféadfadh éifeachtaí níos mó ná mar is inmhianaithe ó thaobh bheartas cosanta trádála agus chuspóirí an Aontais a bheith mar thoradh ar chomhcheangal de bhearta frithdhumpála nó frith-fhóirdheontais agus bearta cosanta taraife ar na hallmhairí céanna, féadfaidh sé cibé beart nó bearta de na bearta seo a leanas a ghlacadh de réir mar is iomchuí leis i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 3(2):

(a) bearta chun bearta frithdhumpála agus/nó frith-fhóirdheontais atá ann cheana a leasú, a chur ar fionraí nó a aisghairm;

(b) bearta chun allmhairí a dhíolmhú go hiomlán nó go páirteach ó dhleachtanna frithdhumpála nó frithchúitimh a bheadh iníoctha murach sin;

(c) aon bhearta speisialta eile a mheastar gurb iomchuí iad sa chás lena mbaineann.

2. Beidh aon leasú, fionraí nó díolúine de bhun mhír 1 teoranta ó thaobh ama de agus ní bheidh feidhm aige nó aici ach amháin nuair a bheidh na bearta cosanta ábhartha i bhfeidhm.

*Airteagal 2*

Beidh feidhm ag aon bheart a ghlactar de bhun an Rialacháin seo óna dháta theacht i bhfeidhm. Ní bheidh sé mar bhonn le haisíoc na ndleachtanna arna mbailiú roimh an dáta sin mura ndéantar foráil maidir lena mhalairt sa bheart sin.

*Airteagal 3*

1. Beidh an Coiste a bunaíodh le hAirteagal 15(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1225/2009 de chúnamh ag an gCoimisiún. Beidh an Coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

2. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

([1]) Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

*Airteagal 4*

Aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 452/2003.

Déanfar tagairtí don Rialachán aisghairthe a fhorléiriú mar thagairtí don Rialachán seo agus léifear iad i gcomhréir leis an tábla comhghaoil in Iarscríbhinn II.

*Airteagal 5*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in Strasbourg, an 11 Márta 2015.

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*
*An tUachtarán*
M. SCHULZ

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
Z. KALNIŅA-LUKAŠEVICA

*IARSCRÍBHINN I*

**An Rialachán aisghairthe mar aon leis an leasú a rinneadh air**

| | |
|---|---|
| Rialachán (CE) Uimh. 452/2003 ón gComhairle<br>(IO L 69, 13.3.2003, lch. 8) | |
| Rialachán (AE) Uimh. 37/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<br>(IO L 18, 21.1.2014, lch. 1) | Pointe 10 den Iarscríbhinn, agus an pointe sin amháin |

*IARSCRÍBHINN II*

**Tábla Comhghaoil**

| Rialachán (CE) Uimh. 452/2003 | An Rialachán seo |
|---|---|
| Airteagal 1 | Airteagal 1 |
| Airteagal 2 | Airteagal 2 |
| Airteagal 2a | Airteagal 3 |
| — | Airteagal 4 |
| Airteagal 3 | Airteagal 5 |
| — | Iarscríbhinn I |
| — | Iarscríbhinn II |